

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí Comhairleoir

(Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Béarla, Gaeilge, Eacnamaíocht Bhaile, Clár Foghlama Leibhéal 1 (CFL1), Clár Foghlama Leibhéal 2 (CFL2), Nuatheangacha Iasachta, Oideachas Reiligiúnach, Grafaic Theicniúil agus Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad))

Cur Síos Poist & Nótaí Ginearálta

1. Forbhreathnú

Faoi stiúir na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (ROS) agus arna óstáil ag Ionad Oideachais Mhuineacháin, soláthraíonn Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM) tacaíocht i bhforbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí agus iad ag pleanáil agus ag cur i bhfeidhm straitéisí agus cleachtais chun an Creat don tSraith Shóisearach (2015) a thabhairt isteach i scoileanna.

Féachann an SSM le cultúr forbairt ghairmiúil leanúnach a chothú i measc múinteoirí mar chuid de chlár forbairt leanúnach scoileanna, ag spreagadh na foghlama ar feadh an tsaoil, chleachtas an athmhachnaimh, agus an chleachtais ar bhonn fiosraithe.

Faoi mar atá leagtha amach i gCiorclán 15/2017, tá an Creat á thabhairt isteach ar bhonn céimnithe agus tosaíodh leis an mBéarla i Meán Fómhair 2014. Chuir an SSM tús le clár cuimsitheach fadtéarmach FGL a sholáthar do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí i nDeireadh Fómhair 2013. Cuireann an SSM FGL ar fáil faoi láthair do mhúinteoirí sna hábhair seo a leanas Béarla, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Gaeilge, Nuatheangacha Iasachta, Folláine, Eacnamaíocht Bhaile, Tíreolaíocht, Stair, Ceol, Matamaitic agus Amharc-Ealaíon, do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí Gearrchúrsaí agus Chláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2nna). Táthar ag brath FGL a thairiscint do mhúinteoirí sa Teicneolaíocht Fheidhmeach, Oideachas Reiligiúnach, Léann Clasaiceach, Innealtóireacht, Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) agus Grafaic Theicniúil ón scoilbhliain 2018/19.

Cuirtear tacaíocht um fhorbairt ghairmiúil ar fáil ar bhonn réigiúnach trí chomhoibriú le scoileanna chun freagairt do riachtanais a éiríonn as an gCreat. Bíonn ról lárnach ag líonra na n-ionad oideachais in obair na seirbhíse agus oibríonn an SSM go dlúth leis na hIonaid chun tacú le riachtanais scoileanna agus múinteoirí ar bhonn áitiúil.

Tacóidh an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí le scoileanna sna réimsí seo a leanas:

- Forfheidhmiú straitéisí a léirmhíniú agus pleanáil lena n-aghaidh i gcomhthéacs chomhphárteanna curaclaim agus measúnaithe na sraithe sóisearaí, lena n-áirítear na príonsabail, na príomhscileanna agus na ráitis foghlama
- Cleachtais éifeachtúla mheastóireachta agus mheasúnaithe a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar fhoghlaim agus ar theagasc
- Pleanáil le haghaidh churaclam na Sraithe Sóisearaí, lena n-áirítear cleachtais socrú amchláir
- Cáilíocht an churaclaim a dhearbhú
- Forbairt ar chláir/ar churaclam, lena n-áirítear gearrchúrsaí, Cláir Foghlama Leibhéal 2 agus Cláir Foghlama Leibhéal 1
- Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a leabú sa seomra ranga
- Cleachtais mheasúnachta a fhorbairt

Cuirfidh Ionad Oideachais Mhuineacháin painéil le chéile ónár féidir iarrthóirí a n-éiríonn leo a cheapadh mar Chomhairleoirí ar na foirne seo a leanas de chuid an SSM don scoilbhliain 2018/19.

- Teicneolaíocht Fheidhmeach
- Innealtóireacht
- Béarla
- Gaeilge
- Eacnamaíocht Bhaile
- Clár Foghlama Leibhéal 1 (CFL1)
- Clár Foghlama Leibhéal 2 (CFL2)
- Nuatheangacha Iasachta
- Oideachas Reiligiúnach
- Grafaic Theicniúil
- Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad)

Cuirfidh comhairleoirí forbairt agus tacaíocht ghairmiúil ar fáil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Is féidir iarrthóirí a áireamh freisin a léiríonn go bhfuil ábhar acu a bheidh le tabhairt isteach níos moille anonn i gCreat na Sraithe Sóisearaí, is féidir iad a mheas le haghaidh oibre sa réimse ábhair sin de réir mar a fhorbróidh an clár. Beidh ar iarrthóirí FGL a thairiscint freisin ar ghnéithe eile den tSraith Shóisearach.

2. Sainchuntas Poist

Oibreoidh Comhairleoirí mar bhall d'fhoireann ildisciplíneach ghairmiúil agus freagróidh siad go díreach do Stiúrthóir an SSM (an Stiúrthóir), nó dá (h)ainmnitheach. Beidh siad ar conradh ar bhonn iasachta ag Ionad Oideachais Mhuineacháin.

Déanfaidh gach foireann sainábhair idir FGL agus acmhainní a dhearadh agus a sholáthar, agus éascóidh siad forbairt foghlama, teagaisc agus mheasúnaithe sna réimsí seo a leanas:

- An tsonraíocht ábhair chuí don tSraith Shóisearach, a chuimsíonn na príomhscileanna, agus na ráitis foghlama
- Litearthacht agus uimhearthacht
- Modheolaíochtaí foghlama, teagaisc agus measúnaithe, lena n-áirítear foghlaim phearsantaithe agus difreáil, measúnú múnlaiteach agus suimitheach
- Cruinnithe don athbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair
- Dearbhú cáilíochta
- Tuairisciú chuig tuismitheoirí
- Gearrchúrsaí
- Ceannaireacht theagascach

Beidh ar Chomhairleoirí na tascanna seo a leanas a chur i gcrích:

- Cur le dearadh, forbairt agus soláthar chlár FGL agus áiseanna tacaíochta le haghaidh a n-ábhair sa Chreat a chur i bhfeidhm
- FGL, comhairle agus tacaíocht a sholáthar i dtaca leis an gCreat agus forbairt ghairmiúil múinteoirí a éascú, ag úsáid réimse de mhodhanna soláthair sna réimsí seo a leanas:
 - Cuir chuige oideolaíochta a thacaíonn le foghlaim ghníomhach
 - Úsáid teicneolaíochtaí digiteacha mar uirlis foghlama don fhoghlaim teagasc agus measúnú
 - Cláir ábhair a phleanáil agus a chur i bhfeidhm
 - Cleachtas measúnaithe inbhuanaithe agus éifeachtach a thógáil
 - Tacú le foghlaim an ábhair agus le cruinnithe um athbhreithniú measúnaithe

- Inneachar digiteach ábhartha
- Oibriú le múinteoirí trí eiseamláirí a thaispeáint de straitéisí, cuir chuige agus modhanna éifeachtacha foghlama, teagasc agus measúnaithe thar réimsí éagsúla curaclaim
- Tacú le FGL chomhoibríoch scoilbhunaithe trí chuir chuige scoile uile, ghrúpa agus aonair a ghabháil i leith an Chreata
- Cur le cothabháil agus le forbairt na tacaíochta gréasán-bhunaithe
- Tacú le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú san fhoghlaim agus sa teagasc agus inneachar ábhartha digiteach a aithint/a fhorbairt
- Cur le monatóireacht agus le hathbhreithniú leanúnach an chláir FGL don Chreat nua
- Sineirgí dearfacha a chomhtháthú agus a fhorbairt le cláir náisiúnta FGL eile
- Tuairiscí a thiomsú agus a sholáthar ar bhonn leanúnach, agus de réir mar a éilítear
- Tacú leis an Stiúrthóir, nó lena (h)ainmnitheach, mar is gá i dtaca le ceisteanna oibríochtúla
- Cumarsáid éifeachtúil a choimeád leis an Stiúrthóir Náisiúnta, le baill foirne eile agus le líonra na n-ionad oideachais mar is cuí
- Foireann a oiliúint agus a chur ag obair mar is gá
- Comhoibriú, líonrú agus oibriú i gcomhair le heagraíochtaí cuí eile mar is gá (m.sh. eagraíochtaí stáit, seirbhísí tacaíochta eile an ROS, líonraí gairmiúla múinteoirí/pobail foghlama, institiúidí tríú leibhéal, coláistí oiliúna, ceannairí scoile agus boird bhainistíochta) chun freastal ar riachtanais mhúinteoirí
- Páirt a ghlacadh i gcruinnithe réigiúnacha agus eile agus i ndeiseanna forbairt ghairmiúil le haghaidh fhoireann FGL na Sraithe Sóisearaí
- Comhoibriú le measúnóirí seachtracha ar an tseirbhís
- Freagrachtaí eile a d'fhéadfadh a bheith ann ó am go ham a chomhlíonadh de réir mar a thagann riachtanais agus tosaíochtaí chun cinn.

Féadfar Comhairleoirí a úsáid freisin chun a chinntiú gur féidir le foireann an SSM freagairt go honnghníomhach chun freastal ar riachtanais/tosaíochtaí a thagann chun cinn chun FGL a sholáthar lena n-áirítear sannadh chun oibriú le, nó thar ceann, seirbhísí tacaíochta eile de chuid an ROS.

3. Réimse eolais, taithí agus scileanna atá de dhíth:

Ba é ab fhearr, dá mbeadh raon saineolais ag an iarrthóir a roghnófar iontu seo a leanas:

Eolas ar ábhar/teagasc

- Taithí ar a n-ábhar a theagasc ag an iar-bhunleibhéal i gcomhthéacsanna Gaeilge agus/nó Béarla
- Taithí agus saineolas in úsáid modhanna foghlaim ghníomhach a chothaíonn baint scoláirí leis an gcuraclam agus le forbairt na litearthachta, lena n-áirítear litearthacht dhigiteach agus scileanna uimhearthachta
- Eolas agus taithí ar scoláirí a theagasc a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu
- Tuiscint a bheith acu ar ról an taighde chun bonn eolais a chur faoi scothchleachtas
- A bheith inniúil ar theicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú

Eolas ar an gCóras Oideachais agus ar Fhorbairtí Curaclaim lena n-áirítear an tSraith Shóisearach

- Eolas agus tuiscint ar an gCreat don tSraith Shóisearach (2015), doiciméid eolais chuí, agus/nó dréacht-sonraíochtaí ábhar ábhartha an CNCM, agus eolas ar an bpróiseas forbartha agus comhairliúcháin d'ábhair, gearrchúrsaí, An Fhoireann Uirlisí Measúnaithe agus an Fhoireann Uirlisí do Chláir Foghlama Leibhéal 2
- Eolas ar an gcóras oideachais go ginearálta agus grinneolas ar an gcuraclam scoile agus ar an measúnú ag an leibhéal iar-bhunscoile
- Tuiscint ar fhorbairtí reatha sa churaclam agus sa mheasúnú i mbunscoileanna
- Eolas agus tuiscint ar an tírdhreach ginearálta beartas, lena n-áirítear straitéisí rialtais i dtaca lena n-ábhar féin.
- Eolas agus feacht ar shealbhú T1 agus T2

Eolas agus Taithí ar an Measúnú

- Taithí agus saineolas i réimse an mheasúnaithe leanúnaigh
- Tascanna bailí agus iontaofa measúnaithe a dhearadh
- Torthaí foghlama a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm
- Nósanna imeachta éifeachtacha measúnaithe a chur i bhfeidhm
- Measúnú a dhéanamh ag úsáid gnéithe cáilíochta/ critéir rátha/ tuairiscíní leibhéil
- Forbairt punanna scoláirí a éascú
- Eolas agus taithí ar chleachtais mheasúnaithe éifeachtacha

Scileanna Láithreoireachta agus Cumarsáide

- Scileanna idirphearsanta agus cumarsáide den scoth
- Scileanna cumasacha scríbhneoireachta
- Cumas chun láithreoireachtaí ó bhéal agus ilmheáin ar ardchaighdeán a chur i láthair grúpaí múinteoirí
- Scileanna maithe éascaíochta agus idirghabhála
- Ní mór d'iarrthóirí do phost an Chomhairleora Ghaeilge sárscileanna scríofa agus ó bhéal a bheith acu i nGaeilge. Is riachtanas éigeantach don phost seo ardleibhéal líofachta sa Ghaeilge a bheith ag iarrthóirí chun cumarsáid agus obair a dhéanamh tríd an nGaeilge
- Ba bhuntáiste é ag iarrthóirí do phoist eile na gComhairleoirí Ábhair leibhéal líofachta sa Ghaeilge a bheith acu chun cumarsáid agus obair a dhéanamh tríd an nGaeilge

Taithí ar Dhearadh agus/nó ar Sholáthar FGL

- Taithí ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí a dhearadh agus nó/ a sholáthar a chuimsíonn fianaise ar chumas chun múinteoirí a chur i mbun athmhachnaimh, taighde bunaithe ar an seomra ranga agus taighde ar bhonn fiosraithe
- Inniúlacht ar obair a dhéanamh i sainréimsí agus i réimsí cineálacha tacaíochta

Scileanna eagraíochtúla agus TFC

- Úsáid teicneolaíochtaí digiteacha san fhoghlaim agus sa teagasc agus chun tacú le hathruithe
- Scileanna eagraíochtúla, bainistíochta agus TFC den scoth
- Inniúlacht ar obair a dhéanamh go neamhspleách nó mar bhall foirne
- Solúbthacht chun freastal ar riachtanais na heagraíochta, lena n-áirítear a bheith toilteanach dul i mbun taistil agus/nó obair thráthnóna mar is gá

4. Suíomh/Taisteal

- Is ar iasacht chuig Ionad Oideachais Mhuineacháin a bheidh an mhuintir a cheapfar. Is ar bhonn réigiúnach, áfach, a dhéanfar ceapacháin agus ní bheidh ar Chomhairleoirí a bheith lonnaithe in Ionad Oideachais Mhuineacháin. Os a choinne sin, beifear ag súil leis go ndéanfaidh siad taisteal chuig áiteanna eile mar is gá
- Ní mór go mbeadh a modh iompair féin ag iarrthóirí a n-éiríonn leo agus ceadúnas iomlán tiomána a bheith acu agus ina seilbh
- Beidh rátaí taistil agus cothabhála na seirbhíse poiblí i bhfeidhm agus déanfar iad a ríomh ó Ionad Oideachais áitiúil ainmnithe comhairleora nó óna b(h)aile, mar is cuí.

5. Incháilitheacht

- Ní mór do gach iarrthóir do na ról seo a bheith ina mhúinteoir iar-bhunscoile láncháilithe
- Beidh poist ar iasacht faoi réir théarmaí Chiorcláin Phoist ar Iasacht an ROS – faoi láthair 0029 de chuid 2018.
- Ceapfar gach iarrthóir rathúil ar bhonn iasachta ar feadh scoilbhliain amháin, ar an gcuntar go n-éireoidh leo tréimhse phromhaidh thrí mhí a chur díobh go sásúil.

- Beidh athbheithniú bliantúil agus athnuachan i gceist leis an bpost ar iasacht agus beidh ar an údarás scoile/ an Bord Bainistíochta agus an ROS é a cheadú go bliantúil.

Ceadú ROS

- Tá gach ceapachán faoi réir a cheadaithe ag an ROS.
Ní féidir aon tairiscint dheifnídeach cheapacháin a dhéanamh sula dtugtar an ceadú sin

Conradh

- Beidh ar gach iarrthóir rathúil conradh ar iasacht a shíniú, ina mbeidh forail le haghaidh próiseas leanúnach feidhmíochta agus forbartha.

Eile

- Le linn iarrthóirí a mheas le haghaidh a gceaptha sa chomórtas seo, is féidir go gcuirfí san áireamh fad an chonartha a thairgfí d'iarrthóir.
- Tá gach ceapachán ag brath ar fhianaise ar imréiteach sásúil ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus ar fhianaise ar thaifead saoire tinnis shásúil a bheith curtha ar fáil ag an iarrthóir rathúil d'Ionad Oideachais Mhuineacháin.
- Tá gach ceapachán ag brath ar theistiméireachtaí sásúla, lena n-áirítear ceann ó fhostóir reatha an iarrthóra.
- Caomhnaíonn Ionad Oideachais Mhuineacháin i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an ceart aige féin leis an bpost a athfhógairt nuair a mheasann sé líon neamhleor iarrthóirí incháilithe a bheith ann. Cuirfear an scéal in iúl d'iarrthóirí incháilithe agus tabharfar an rogha dóibh a n-iarratas a fhágáil ar thaifead.
- Is d'Ionad Oideachais Mhuineacháin amháin a oibreoidh an t-iarrthóir a n-éiríonn leis agus ní bheidh cead aige fostaíochtaí eile a ghlacadh air féin le linn thréimhse a chonartha gan an ceadú cuí.

6. Tuarastal

Tá an tuarastal do Chomhairleoir faoi réir Chatagóir 4 amhail dá bhforáiltear sa Dámhachtain Eadrána 2003 i ndáil le múinteoirí ar iasacht, faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear thíos. Beidh luach saothair faoi réir i gcónaí ag imlitreacha agus rialacháin iomchuí de chuid an ROS nó na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuirfear Ciorcláin Phá reatha de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna i bhfeidhm – is é an Ciorclán atá i bhfeidhm faoi láthair 0083/2017.

Tá Comhairleoir (roimh 2011) ina dteideal seo a leanas:

- A p(h)ointe cuí ar Bhunscála Comónta na Múinteoirí, móide
- Liúntas do Bhunchéim Onóracha
- Liúntas d'Ard-Diplóma Onóracha san Oideachas
- An gnáthliúntas do phost ar iasacht i gCatagóir 4, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir Iasachta	Post an SSM	Bunscála Comónta na Múinteoirí	Liúntas do Bhunchéim Onóracha*	Liúntas d'A.D.O. Onóracha*	Liúntas Iasachta Caighdeánach
4	Comhairleoir	Mar is cuí	€4,918 pa @1/1/2010	€1,236 pa @ 1/1/2010	€10,130 pa @ 1/1/2010

Tá Comhairleoir (tar éis 1 Eanáir 2011 agus roimh 1 Feabhra 2012) ina dteideal seo a leanas:

- A p(h)ointe cuí ar Bhunscála Comónta na Múinteoirí, **móide**
- Liúntas d'Ard-Diplóma Onóracha san Oideachas **má tá a leithéid de liúntas ina sheilbh ag an múinteoir cheana**
- An gnáthliúntas do phost ar iasacht i gCatagóir 4, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir Iasachta	Post an SSM	Bunscála Comónta na Múinteoirí	Liúntas d'A.D.O. Onóracha*	Liúntas Iasachta Caighdeánach
4	Comhairleoir	Mar is cuí	€1,236 pa @ 1/1/2010	€10,130 pa @ 1/1/2010

Tá Comhairleoir (tar éis 1 Feabhra 2012) ina dteideal seo a leanas:

- A p(h)ointe cuí ar Bhunscála Comónta na Múinteoirí, **móide**
- An gnáthliúntas do phost ar iasacht i gCatagóir 4, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir Iasachta	Post an SSM	Bunscála Comónta na Múinteoirí	Liúntas Iasachta Caighdeánach
4	Comhairleoir	Mar is cuí	€10,130 pa @ 1/1/2010

Ní íocfar liúntais a théann le poist freagrachta le pearsanra ar iasacht atá ag fail na liúntas thuasluaite.

7. Gnás Roghnúcháin

- Beidh agallamh iomaíoch ina chuid den phróiseas roghnúcháin
- Is féidir go mbeadh measúnú scríofa ina chuid den phróiseas roghnúcháin le haghaidh phost an Chomhairleora Ghaeilge
- Ba chóir iarratais a dhéanamh trí fhoirm iarratais chomhlánaithe ar líne a sheoladh isteach. Ba chóir é a chur isteach faoi **3.00 pm Dé hAoine 14 Meán Fómhair 2018**
- Ní ghlacfar le hiarratais mhalla
- Bunófar coiste roghnúcháin chun gach gné den phróiseas roghnúcháin a chur i gcrích
- Is féidir go ndéanfar gearrliostú
- Tá sé de fhreagracht ar iarrthóirí iad féin a chur ar fáil le haghaidh agallaimh, má thugtar cuireadh dóibh a bheith i láthair. Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go mb'fhéidir nach mbeifear in ann malairt dáta a thabhairt
- Iarrfar orthu siúd a ghlaitear chun agallaimh láithreoireacht 5 nóiméad a dhéanamh don phainéal agallaimh ina sonraítear fíis an iarrthóra don phost agus an cion a dhéanadh sé/sí d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí leis an SSM
- Beidh iarrthóirí freagrach as na speansais uile a thabhaítear i dtaca lena n-iarratas agus lena n-agallamh
- Dícháileofar an t-iarratas má dhéantar canbhásáil dhíreach nó indéach.

8. Scaoileadh ón bPost Reatha

Má cheaptar duine ón bpainéal;

- Is faoi iarrthóirí rathúla aontú a chinntiú óna n-údarás scoile go ligfí saor iad chun glacadh leis an bpost don tréimhse atá sonraithe.
- Beifear ag súil go mbeidh iarrthóirí a n-éiríonn leo ar fáil chun glacadh leis an gceapachán a luaithe agus is féidir.
- Is riachtanas é go bhfaightear gealltanas ó d'fhostóir go scaoilfear ó do phost reatha thú. Nuair a gheofar tairiscint, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú a lorg láithreach óna f(h)ostóir (m.sh. Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta). Ba chóir go léireodh an ráiteas sínithe sin go bhfuil an fostóir (m.sh. Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta) i riocht an t-iarrthóir rathúil a scaoileadh saor.

9. Fiosrúcháin

Ba chóir aon fhiosrúchán atá agat maidir leis an gcáipéis seo a chur i ríomhphost chuig info@jct.ie.